

Caitr ona   Dochartaigh
'An gaol idir th acs agus  omh : d shl n na nArd-Chros'

First published in *C n Chille C ile*, ed. J. Carey, M. Herbert and K. Murray (Aberystwyth: Celtic Studies Publications, 2004), 292-301.

Published here with permission of the author.

An gaol idir théacs agus íomhá: dúshlán na nArd-Chros

Caitriona Ó Dochartaigh

CHOTHAIGH Pádraig Ó Riain spiorad idirdhisciplíneach i gcónaí ina chuid oibre agus ina chuid múinteoireachta agus is in ómos don spiorad sin a scríobhadh an t-alt seo.¹ Tá díospóireacht i measc staraithe na healaíne agus seandálaithe le fada an lá maidir le foinsí na bpainéal ar Ard-Chrosa na hÉireann agus na critéir a úsáideadh i roghnú na n-íomhá. Cuireadh samhlacha na gcros i gcomparáid le healaíon ó thíortha éagsúla agus deineadh iarracht tionchar stíleanna áirithe a aithint agus a léiriú. Chomh maith leis sin, cuireadh an tuairim chun cinn go mb'fhéidir go raibh tionchar ag téacsanna ar leith ar roghnú íconagrafaíochta na gcros. Is é sin, go raibh an ceardaí faoi anáil foinse scríofa agus é i mbun oibre. Go dtí seo, is modheolaíocht na seandálaíochta don gcuid is mó a úsáideadh chun an t-ábhar a iniúchadh agus is beag léargas liteartha a tugadh ar an scéal. Ní amháin gur ceist an-chonspóideach í an gaol idir théacs agus íomhá i leith na nArd-Chros, ach is ceann de mhórchéisteanna ghort stair na healaíne cráifí tríd síos atá ann. Tá dhá phríomhscóil i measc scoláirí na healaíne go stairiúil i leith na ceiste seo: dar leis an scoil thraidisiúnta tá tús áite ag an bhfocal scríofa nó labhartha agus níl sa phictiúr ach brí na bhfocal á léiriú ar bhealach eile, ach dar leis an scoil nua-aimseartha, is scéal ann féin an pictiúr agus ní gá go mbeadh aon bhaint aige le 'scéal' (*narrative*) d'aon chinéal.² Is seanargóint í seo, go háirithe maidir leis an ealaíon chráifeach. I litir a scríobh an Pápa Gréagóir I (590–604) chuig an easpag Serenus i Marseille mar fhreagra ar chonspóid ag an am, mhol sé pictiúir agus íomhánna d'eachtraí as an mBíobla mar mhodh éifeachtach chun an teagasc Críostaí a chur i láthair phobail neamhliteartha.³ Mar sin mheas an Pápa Gréagóir gur uirlis úsáideach a bhí san ealaíon chun an creideamh Críostaí a leathnú agus a shimpliú do chách.

1 Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo siúd a chuir comhairle orm agus mé ag ullmhú an ailt seo, Isabelle Henderson, Ann Hamlin agus Liam Ó Dochartaigh.

2 M. A. Lavin, *The place of narrative* (Chicago agus London: University of Chicago Press, 1990).

3 J. P. Migne, *Patrologia latina* (Paris, 1844–1902).

I gcásanna áirithe bíonn an gaol idir an íomhá agus an focal scríofa an-soiléir ar fad mar gur minic in ealaíon na Meánaoise a soláthraítear *titulus* nó inscríbhinn in éineacht leis an bpictiúr. Is féidir gur sliocht ón mBíobla nó teideal mar mhíniú ar a bhfuil léirithe atá sa *titulus*. Sa chás seo is léir gur bunaíodh an pictiúr ar na focail agus go bhfuil an t-ealaíontóir agus cuid dá lucht féachana in ann an *titulus* a léamh nó go bhfuil siad leathliteartha ar a laghad. Tá an scéal i bhfad níos casta nuair nach bhfuil an fhoinsé chomh follasach sin. Ní dóigh go raibh léamh ag tromlach na gceardaithe sa Mheánaois, mar sin má áitítear go bhfuil tionchar théacs áirithe le sonrú in íomhá, ní féidir gur tionchar díreach atá ann. Ní féidir a rá go raibh ceardaí áirithe ag léamh beatha naoimh nó sliocht apacrafach agus gur bhunaigh sé ar chruthaigh sé air sin. Is mór an dua atá caite ag lucht léinn leis an gceist seo. Glactar leis go raibh idirghabhálaí de shaghas éigin idir an ceardaí agus an fhoinsé, ach is iad modh agus cainníocht na gníomhaíochta a chothaíonn an díospóireacht. I gcor-chás, caomhnaítear sonraí an phátrúin a thug ord don obair agus a leag amach scéim na n-íomhánna. Más do láthair eaglasta a bhí an ceardaí ag obair, ní bheadh aon ghanntanas lucht léinn mór-thimpeall air a bheadh in ann téamaí éagsúla a mholadh. Is féidir i gcásanna eile, áfach, gur tionchar indíreach atá i gceist. Mar shampla, d'fhéadfadh an ceardaí bheith faoi anáil seanmóirí nó gné den liotúirge a chuala sé. Ní gá ach an oiread go mbeadh aon tuiscint chruinn ag an gceardaí ar fhoinsí a chuid oibre toisc gur féidir íomhá a chóipeáil gan comhthéacs a sholáthar. Caithfear eilimint na samhlaíochta a chur san áireamh freisin.

Fiú nuair atá féidireacht ann go raibh tionchar ag téacs áirithe ar íomhá, is deacair é a chruthú go sásúil. Níor cheart glacadh leis go raibh gach saothar diaga comhaimseartha ar fáil i ngach mainistir nó láthair eaglasta sa Mheánaois. An t-aon fhoinsé gur féidir a bheith cinnte ina thaobh ná an Bíobla, agus tá deacrachtaí ag baint leis seo chomh maith. Ní lámhscríbhinn ollmhór amháin a bhí sa Bhíobla sa Mheánaois ach bailiúchán de lámhscríbhinní éagsúla agus ba mhínic gurbh aonad neamhspleách ab ea gach aon leabhar den Bhíobla.⁴ Toisc go raibh sé chomh costasach sin lámhscríbhinn a chruthú, ní féidir a bheith cinnte go raibh cnuasach iomlán de leabhair an Bhíobla i ngach aon láthair eaglasta. Dar ndóigh, bhí codanna áirithe den mBíobla a bhí riachtanach don liotúirge, i.e. na soiscéil agus na sailm, agus bhí na leabhair seo ar fáil go forleathan. Ach i gcás na leabhar eile nach bhfuil chomh lárnach do cheiliúradh

4 Féach M. McNamara, 'The text of the Latin Bible in the early Irish church: some data and desiderata', in P. Ní Chatháin agus M. Richter (eag.), *Ireland und die Christenheit* (Stuttgart: Klett-Cotta, 1987) 7–55; P. Doyle, 'The Latin Bible in Ireland: its origin and growth', in M. McNamara (eag.), *Biblical studies: the medieval Irish contribution* (Dublin: Dominican Publications, 1976) 30–45.

an aifrinn, ní féidir glacadh leis go raibh fáil orthu go forleathan ar fud na hÉireann. D'fhéadfaí freisin go raibh cáil ar leabhar áirithe as an mBíobla de bharr tráchtairacht a scríobhadh faoi nó toisc cur síos a bheith déanta ag aithreacha na heaglaise air. Ní ó léamh an Bhíobla amháin a thagann eolas ar na scríbhinní diaga. Ceist thábhachtach sa chomhthéacs seo ar deacair í a fhreagairt ná cén ról a bhí ag an dtráidisiún béil i gcrabhscaoileadh na scríoptúr? Bheadh sleachta suntasacha ón mBíobla de ghlanmheabhair ag na sagairt agus ag na manaigh de thairbhe na liotúirge agus bheadh cuid mhaith de ghlanmheabhair ag an lucht éisteachta chomh maith. Bheadh i bhfad níos mó den mBíobla nach mbeadh ar eolas focal ar fhocal ag an bpobal, ach bheadh an 'scéal' acu trí bheith ag éisteacht leis an aifreann agus le seanmóirí. Mar sin ní gá go mbeadh léamh ag an duine chun cur amach a bheith aige ar an scríbhinn diaga; is féidir go raibh creatlach an scéil acu gan na mionphointí go léir. Dá bhrí sin, i gcás na scríbhinne diaga ar aon nós, ní gá go mbeadh idirghabhálaí idir an ceardaí neamhliteartha agus an fhoinsé. Tá an scéal i bhfad níos casta, áfach, i gcás téacsanna nach bhfuil chomh coitianta leis an mBíobla. Tá bunphrionsabal riachtanach a gcaithfear cloí leis go docht sa díospóireacht seo. Is é sin, má dhéantar iarracht tionchar théacs ar íomhá a chruthú, nach mór ar dtús a léiriú go bhfuil cosúlacht ar an scéal go raibh fáil ar an dtéacs sa réigiún inar dearadh an íomhá agus, níos tábhachtaí fós b'fhéidir, sa tréimhse chéanna. Ní leor tagairt fhánach a dhéanamh do théacs Sean-Ghaeilge agus d'íomhá ealaíne ón Mheánaois nuair atá bearna cúpla céad bliain eatarthu agus gur as dhá cheantar éagsúla a shíolraigh siad. Ní mór iarracht a dhéanamh a mhíniú conas ar aistríodh an coincheap ó na focail ar an leathanach go samhlaíocht an cheardaí neamhliteartha. Ní leor a rá go raibh tionchar ag an bhfocal scríofa ar phíosa ealaíne gan an gaol sin a shainmhíniú ar bhealach níos cruinne. Caithfear cloí leis na prionsabail seo nuair a phléitear foinsí na nArd-Chros Éireannacha.

I léacht a thug Robin Flower i 1935, d'áitigh sé go raibh tionchar an-láidir ag paidir ar ar thug sé an *commendatio animae* ar roghnú na bpainéal ar na hArd-Chrosa.⁵ Ba phaidreacha i gcloch a bhí sna crosa agus is ó leaganacha Éireannacha den bpaidir áirithe seo a tháinig téama an tslánaithe ar na crosa, dar leis. Bhí sé go mór faoi thionchar scoláirí ón mhór-roinn a bhí tar éis teoiricí den tsaghas céanna a chur chun cinn. Síolraíonn an hipitéis seo ó thús ó scoláire Francach darbh ainm Le Blant sa chéad seo caite a chaith cuid mhaith dá shaol ag staidéar na sarcafagaí ó bhlianta deiridh impireacht na Róimhe.⁶ Bhraith Le Blant go

5 R. Flower, 'Irish high crosses', *Journal of the Warburg and Courtauld Institutes* 17 (1954) 87-97.

6 E. Le Blant, 'Les bas-reliefs des sarcophages chrétiens et les liturgies funéraires', *La revue archéologique* Oct./Nov. (1879) 223-92; *idem.*, *Étude sur les sarcophages chrétiens antiques de la ville*

raibh sarcafagaí go mór faoi thionchar liotúirge sochraide agus thosaigh sé ag cuartú foinsí na n-íomhá a bhí faoi chaibidil aige i measc deasghnátha adhlactha. Ach bhí máchail mhodheolaíochta i gcur chuige Le Blant ón tús mar gur thosaigh sé ag lorg foinsí íomhánna sarcafagaí ón gceathrú haois sa *Rituale Romanum*, cnuasach oifigiúil deasghnátha na heaglaise rómhánaí a dréachtadh sa bhliain 1614. Níorbh é Le Blant an t-aon duine a rinne iarracht comparáid a dhéanamh idir théacs agus íomhá a raibh níos mó ná míle bliain eatarthu; bhí míthuiscint choitianta sa chéad seo caite maidir le liotúirge agus an chaoi ina bhforbraíonn sé. Cosúil le haon píosa ceapadóireachta meánaoiseach eile, scríofa nó ó bhéal, ní fhanann liotúirge ná paidreacha i bhfolús gan tionchar ón gcomhthéacs ina n-úsáidtear iad. Fiú más féidir a chruthú go raibh paidir áirithe in úsáid ar feadh na gcéadta bliain, ní chiallaíonn sé sin i gconaí gurbh iad na focail cheanann céanna go díreach a bhí sa phaidir i rith an ama. Tá sé seo fíor go háirithe san aois roimh fhógairt téacs údarásaigh. Athraíonn agus forbraíonn an liotúirge le himeacht aimsire, díreach mar a tharla le téacsanna eile agus tá sé seo fíor go háirithe ag tús na Meánaoise nuair nach raibh canóin docht de théacsanna inghlactha liotúirge i bhfeidhm. Bhí i bhfad níos mó saoirse ag sagart ag ceiliúradh na sacraimintí ag tús na Meánaoise ná mar atá anois, mar sin ba cheart dúinn ár gclaontuairimí féin a fhágáil ar leataobh nuair a dhéantar staidéar ar luath-théacsanna liotúirge. Seo an botún a rinne Le Blant nuair a ghlac sé leis gurbh ionann na deasghnátha adhlactha sa cheathrú haois agus iad siúd lena linn féin. I ndáiríre níl aon fhianaise ann do dheasghnátha den tsaghas seo ó thréimhse chomh luath leis an gceathrú haois, mar sin ní féidir hipitéis maidir le tionchar deasghnátha adhlactha ar íomhánna sarcafagaí a chruthú bealach amháin ná bealach eile.⁷ Muna bhfuil aon eolas ar fáil maidir leis na deasghnátha a bhí in úsáid ag thréimhse áirithe, is deacair teoiric i dtaobh a dtionchar a chur chun cinn.

An *commendatio animae* an téacs sa *Rituale Romanum* a mheas Le Blant a bheith ina phríomhfhoinsé d'íomhánna na sarcafagaí. Is paidir fhada í a aithrisíodh fad is a bhí duine ag fáil bháis ionas go gcosnófaí an t-anam i rith an achair

d'Arles (Paris: Imprimerie Nationale, 1878). Spreag teoiric Le Blant mórchuid díospóireachta, féach: H. F. Liell, *Die Darstellungen der allerseligsten Jungfrau und Gottesgebälerin Maria auf den Kunstdenkmalern der Katakomben* (Freiburg im Breisgau: Herder'sche Verlagshandlung, 1887); P. Styger, *Die römischen Katakomben* (Berlin, 1933); O. von Casel, 'Älteste christliche Kunst und Christumysterium', *Jahrbuch für Liturgiewissenschaft* 12 (1935) 1–86; A.-G. Martimort, 'L'iconographie des catacombes et la catéchèse antique', *Rivista di archeologia cristiana* 25 (1949) 105–114. Ach is i monograf Karl Michel atá an phlé is iomláine ar an gceist: K. Michel, *Gebet und Bild in frühchristlicher Zeit, Studien über christliche Denkmäler* 1 (Leipzig, 1902).

7 H. Frank, 'Der älteste erhaltene *ordo defunctorum* der römischen Liturgie und sein Fortleben in Totenagenden des frühen Mittelalters', *Archiv für Liturgiewissenschaft* 7, 1 (1961) 360–415; S. Reinach, *Cultes, mythes et religions* (Paris, 1905) 316–31.

chontúirtigh seo. I ndáiríre, ní paidir amháin atá sa *commendatio animae* ach sraith de phaidreacha éagsúla sníofa le chéile agus ina measc, tá paidir ar shamhail liodáin ina n-impítear go slánófaí an t-achainíoch. Leanann an phaidir seo an fhoirmle *libera me . . . sicut liberasti* (saor mé . . . mar a shaor tú . . .) agus soláthraítear samplaí d'ócáidí inar sábháileadh carachtair ón mBíobla, go háirithe ón Sean-Tiomna, cosúil le Naoi agus an díle, Íosác agus Abrahám, agus Maois agus an Mhuir Dhearg. Is ar an gcuid seo den *commendatio animae* a dhírigh Le Blant a aird agus rinne sé comparáid chríochnúil idir na híomhánna ón mBíobla ar na sarcafágaí agus na himeachtaí a luaitear sa phaidir. Níl teideal ar leith ar an bpaidir seo laistigh de phaidir, ach úsáideadh *commendatio animae*, teideal an deasghnátha ina iomláine, ó aimsir Le Blant ar aghaidh chun trácht ar an téacs seo a leanann an fhoirmle *libera . . . sicut liberasti*. Ar son na soiléireachta, is fearr sampla scoláirí na mór-roinne a leanúint agus an téarma 'paidir eiseamláireach' (*paradigmengebet*) a úsáid mar go soláthraíonn an phaidir liosta d'eiseamláirí ón mBíobla inar saoradh na firéin ó chontúirt.⁸ Barántas slánaithe atá sa liosta seo agus cuireann an t-athrá béim ar theachtaireacht na paidre, is é sin go dtagann Dia i gcabhair ar na creidimh.

Cúis eile nach bhfuil an teideal *commendatio animae* oiriúnach don bpaidir seo ná nach raibh baint ag an bpaidir eiseamláireach i gcónaí le deasghnátha adhlactha. Tá cúlra ársa neamhspléach ag an téacs seo agus ní úsáidtear mar chuid den *commendatio animae* é go dtí an t-ochtú haois. Fiú san ochtú haois níl ach dhá shampla den bpaidir eiseamláireach mar chuid den *commendatio animae* ar fáil⁹ agus ní fhaightear go forleathan sa chomhthéacs seo í go dtí an dara céad déag. Is ó fhoinsí Giúdacha a shíolraigh an phaidir eiseamláireach¹⁰ agus tá sampla de théacs atá an-chosúil leis ar fáil sa Mishnah, tráchteaireacht raibíneach a scríobhadh thart ar an dara céad.¹¹ Aimsítear na samplaí Críostaí is luaithe i bhfoinsí scríofa sa Ghréigis agus i mbeathaí na naomh go háirithe.¹² Ach ní hí an fhoirm chéanna go díreach is atá le fáil sa *commendatio animae* atá sna luath-

8 K. Michel, *Gebet und Bild in frühchristlicher Zeit*, Studien über christliche Denkmäler 1 (Leipzig, 1902); E. Stauffer, *Die Theologie des Neuen Testaments* (Stuttgart, 1948) 216–19; A. Stuiber, *Refrigerium interim* (Bonn, 1957).

9 A. Hänggi, agus A. Schönherr (eag.), *Sacramentarium Rhenaugiense*, Spicilegium Friburgense 15 (Freiburg Schweiz: Universitätsverlag Freiburg Schweiz, 1970) 272; A. Dumas (eag.), *Liber sacramentorum Gallonensis*, Corpus Christianorum Series Latina 159 (Turnholt: Brepols, 1981) 461.

10 D. Kaufmann, 'Miscellen', *Oesterreichische Monatschrift für den Orient* 12 (1886) 80; Stauffer, *Die Theologie*, 216–19.

11 H. Danby, *The Mishnah* (Oxford, 1933).

12 A. Baumstark, 'Eine Parallele zur *Commendatio animae* in griechischer Kirchenpoesie', *Oriens Christianus*, Neue Serie 4 (1915) 298–305.

théacsanna Gréigise agus Laidine; ní luaitear na hócáidí céanna ón mBíobla i ngach cás ná ní thugtar san ord céanna i gcónaí iad ach an oiread. Ní paidir le focail sheasta atá sa *genre* ach saghas foirmle liotúirgeach ar féidir í a chur in oiriúnt d'aon chomhthéacs agus inar féidir liosta mór fada de charachtair ón mBíobla a lua nó cloí le triúr nó ceathrar. Ar an mbealach seo tá na paidreacha eiseamláireacha gaolmhar le *genre* na liodán agus tá an tsolúbthacht chéanna ag baint leo. Braitheann fad na paidre ar an gcomhthéacs ina n-úsáidtear í mar a léiríonn an sampla den *genre* a sholáthraigh Flower ó thús an *Stowe Missal*, áit nach luaitear ach trí charachtar ón mBíobla, Naoi, Ióna agus Peadar.¹³

Thagair Flower do leaganacha eile den bpaidir i nGaeilge: críoch eipealóg *Féilire Óengusso*¹⁴ agus an t-iomann *Sén Dé*, a luaitear le Colmán moccu Cluasaig.¹⁵ Mhol sé an *commendatio animae* mar fhoinsé do na leaganacha seo ach sa tréimhse inar cumadh na téacsanna Gaeilge, is ar éigin má bhí a leithéid de chumadóireacht agus an *commendatio animae* ar fáil. Tá cuma ar an scéal gur choincheap úr liotúirgeach a bhí sa *commendatio animae* san ochtú haois a shíolraigh as athrú sna deasghnátha adhlactha agus as béim bhreise sa diagacht ar chontúirt an anama sa tréimhse idir bheatha agus bás. Níl aon bhaint ag na paidreacha Gaeilge le comhthéacs adhlactha. Is ó thraidisiún ársa neamhspléach na bpaidreacha eiseamláireacha a d'fhás na leaganacha Gaeilge. Léiríonn an *Stowe Missal* go raibh leaganacha ar fáil i Laidin in Éirinn agus is dóigh gur ar théacsanna Laidine atá na paidreacha Gaeilge bunaithe. Tá fianaise láidir don teorric seo le fáil san iomann *Sén Dé* atá breactha le frásaí Laidine agus tá cúpla focal Laidine le fáil sa phaidir eiseamláireach in *Féilire Óengusso* chomh maith.

Thug Flower faoi ndeara go raibh mórchuid painéal ar na crosa a léiríonn ócáidí inar tháinig Dia i gcabhair ar na firéin, ar nós Dainéil agus na leoin, Íosác agus Abrahám, agus Naoi agus an díle. Tá na heachtraí seo ón mBíobla luaite go minic sna paidreacha eiseamláireacha freisin. Bhraith sé ó bheith ag staidéar na gcros: 'it is difficult to avoid the feeling that here we have, written in stone, the prayer we have been studying'.¹⁶ Thacaigh Françoise Henry le cuid de theoiric Flower ach níor mheas sí gur téacsanna Éireannacha a bhí mar fhoinsé ag na crosa ach leaganacha eile den bpaidir ón gcoigríoch.¹⁷ Bhraith sí go raibh

13 Flower, 'Irish high crosses', 91. Tá an phaidir ghearr seo le fáil i mblúirín de lámhscríbhinn i St Gall freisin; féach F.E. Warren, *The liturgy and ritual of the Celtic church* (Oxford, 1881) 179.

14 W. Stokes, *Féilire Óengusso Céili Dé*, Henry Bradshaw Society 29 (London, 1905) 149.

15 J. H. Bernard agus R. Atkinson, *The Irish Liber Hymnorum*, Henry Bradshaw Society 13–14 (London, 1898) I, 25–31; W. Stokes agus J. Strachan (eag.), *Thesaurus palaeohibernicus* (Cambridge, 1903) II, 298–306.

16 Flower, 'Irish high crosses', 95.

17 F. Henry, *Irish high crosses* (Dublin: The Three Candles, 1964) 35–7. Féach freisin: F. Henry,

tionchar láidir ag ealaíon ó thíortha eile ar na crosa agus gur fheidhmigh an ealaíon iasachtach seo mar idirghabhálaí idir an phaidir agus na crosa:

The quotation from the Stowe Missal shows that the text of the prayer had by A.D. 800, become familiar enough to be incorporated into the Irish liturgy. This means that it was already known for some time and that any set of pictures illustrating it would be immediately intelligible, whether it came to Ireland as part of a book-binding, as a wooden icon, or on a metal object—the normal vehicles for the introduction of pictorial representations of the theme.¹⁸

Is beag trácht a deineadh do theoiric Flower le tríocha bliain anuas agus is léir go bhfuil sé titithe as faisean ach níor diúltaíodh don teoiric ná níor deimhníodh é go críochnúil ach an oiread. Bíonn corr-thagairt don teoiric i bhfoilsíúcháin seandálaíochta ach is beag iarracht a dhéantar iniúchadh ceart a dhéanamh ar an scéal. Don gcuid is mó, leagtar an cheist maidir leis an ngaol idir téacsanna agus íomhánna na Meánaoise luath in Éirinn ar leataobh. Eisceacht í Ann Hamlin a léirigh an gaol dlúth atá ann go minic idir íconagrafaíocht agus liotúirge agus cé nár mheas sí go raibh tionchar díreach ag na paidreacha ar na crosa, d'áitigh sí go raibh an fheidhm chéanna ag na crosa agus atá ag paidreacha ar nós na liodáin. Is é sin gur 'prayers in stone, cries for help in trouble' a bhí sna crosa agus gur sholáthraigh siad an choimirce agus an tsábháilteacht chéanna leis na paidreacha.¹⁹ Dhiúltaigh Peter Harbison d'argóint Flower, ní ar bhun modheolaíochta, ach toisc gur áitigh Flower go raibh baint ag na hArd-Chrosa leis an ngluaiseacht spioradálta ar a dtugtar na Céli Dé.²⁰ Bhraith Flower gur ón spiorad céanna a shíolraigh na leaganacha Éireannacha de na paidreacha eiseamláireacha, na liodáin, na hArd-Chrosa agus gluaiseacht na gCéli Dé. Is é sin go raibh béim láidir ar an slánú pearsanta agus ar chontúirt an anama ag an am agus gur slánú an príomhthéama a aontaíonn na téacsanna agus na híomhánna. Léirigh Harbison, áfach, nár tógadh ach Ard-Chros amháin i láthair a bhí bainteach le gluaiseacht na gCéli Dé agus mar sin nach dóigh go raibh aon bhaint idir na crosa agus an ngluaiseacht. Cé gurb é slánú an príomhphrionsabal atá taobh thiar de na paidreacha eiseamláireacha agus gluaiseacht na gCéli Dé mar a thaispeáin Flower, ní chiallaíonn sé sin go bhfuil ceangal eatarthu. Is é an slánú príomh-

¹⁸ 'Les origines de l'iconographie irlandaise', *Revue archéologique* 32 (1930) 89–109.

¹⁸ F. Henry, *Irish art during the Viking invasions 800–1020* (London: Methuen, 1967) 144.

¹⁹ A. Hamlin, 'Dignatio diei dominici: an element in the iconography of Irish crosses?', D. Whitelock, R. McKitterick agus D. Dumville (eag.), *Ireland in early mediaeval Europe* (Cambridge University Press, 1982) 69–75.

²⁰ P. Harbison, *The high crosses of Ireland: an iconographical and photographic survey*, Römisch-Germanisches Zentralmuseum, Forschungsinstitut für Vor- und Frühgeschichte, Monographien Band 17 (Bonn: Habelt, 1992) 330–1.

théama na Críostaíochta go ginearálta agus is beag téacs diaga nach dtagraíonn dó. Chomh maith leis sin, tá dhá shampla eile do leaganacha Éireannacha de phaidreacha eiseamláireacha nach bhfuil aon bhaint acu le gluaiseacht na gCéle Dé, ceann amháin i *Saltair na Rann*²¹ agus an ceann eile sa *Navigatio S. Brendani*.²² Mar sin, ní gá go bhfuil baint díreach idir na paidreacha agus na Céle Dé agus cé nach bhfuil gaol idir an ghluaiseacht agus na crosa, ní chiallaíonn sé sin nach féidir go bhfuil gaol idir na paidreacha agus na crosa. Ní hionann na paidreacha eiseamláireacha agus gluaiseacht na gCéle Dé. Níl Harbison toilteanach, áfach, diúltú go hiomlán don teoiric maidir le gaol idir na paidreacha agus na crosa ach an oiread agus d'áitigh sé, mar a rinne Henry roimhe, go mb'fhéidir gur chuir na paidreacha le tábhacht íomhánna na gcros:

It is, however, quite likely that the *Commendatio Animae* and the Calendar of Oengus would at least have been already familiar to Irish ears when the crosses came to be carved, and would have given a greater depth of meaning to the sculpted panels.²³

Tá cúpla deacracht ag baint le ráiteas den tsaghas seo. Ar an gcéad dul síos, níl aon fhianaise do dheasghnáth an *Commendatio Animae* in Éirinn roimh an seachtú haois déag agus tá bearna de thrí chéad bliain ar a laghad idir *Féilire Óengusso* agus tromlach na nArd-Chros. Caithfear a chruthú go raibh an *Féilire* in úsáid leanúnach go forleathan ar feadh tréimhse fada chun go mbeadh tionchar aige ar léamh na gcros. Ina theannta sin, cén miniú breise a thabharfadh na paidreacha do na crosa? An é nach mbeadh go leor eolais ag daoine ar an mBíobla chun a thuiscint gur siombailí tábhachtacha den slánú atá sna híomhánna seo, mura mbeadh cur amach acu ar na paidreacha?

Mar a dúramar thuas, bheadh eachtraí lárnacha ón mBíobla ar eolas ag an bpobal agus ina dteannta sin bheadh seanmóirí cloiste acu ar an mbrí laistiar de na heachtraí seo. Níl aon ghanntanas tráchtairreachtaí ón Mheánaois ar shiombalachas nó ar bhrí fháthchiallach na scríbhinne diaga. Maraon leis sin, tá na heachtraí a léirítear ar na crosa ar na 'scéalta' is mó clú ón mBíobla. Tá cáilíocht eipice ag baint le miorúiltí ar nós Dainiél i bpluais na leon nó Abrahám ag íobairt a aonmhic Íosác. Tá tagairtí do na carachtair thábhachtacha seo forleathan agus ní léiríonn na paidreacha eiseamláireacha ach an tóir a bhí orthu. An cheist lárnach sa chomhthéacs seo ná an ceart a bheith ag lorg téacs amháin mar fhoinsé d'íomhánna na gcros? Tá na samplaí seo de charthanacht Dé nuair a

21 W. Stokes (ed.), *The Saltair na Rann*, Anecdota Oxoniensia, Medieval and Modern Series 1, iii (Oxford, 1883)

22 C. Selmer, (ed.), *Navigatio sancti Brendani abbatis*, Publications in Mediaeval Studies 16 (Notre Dame, 1959) 45–6.

23 Harbison, *The high crosses*, 331.

shábháil sé na creidmhigh chomh tábhachtach sa diagacht agus chomh forleathan i dtéacsanna éagsúla, nach gá gur ó fhoirse aonair a tháinig an téama. Ní gá ach staidéar a dhéanamh ar théacsanna ar nós Epistil Ísu²⁴ agus dánta Blathmac²⁵ chun suíomh lárnach charachtair ón Sean-Tiomna i dtraidisiún liteartha na hÉireann a thuiscint. Ceann de príomhdhogmaí na Críostaíochta ná gealltanais an tslánaithe. Mar sin níor chóir go mbeadh iontas orainn téama an tslánaithe a aimsiú san ealaíon chráifeach ná i bpaidreacha; agus ní gá go bhfuil gaol eatarthu ach gur torthaí na Críostaíochta iad araon. B'fhéidir, mar a dúirt Roger Stalley, go bhfuil an iomarca ama caite againn ag lorg príomhfhoirse amháin do na hArd-Chrosa agus go raibh raon leathan de thionchair éagsúla orthu.²⁶ Ní hiad na freagraí maidir le foinsí na nArd-Chrosa atá lochtach ach an cheist. Is ceart foinsí éagsúla idir scríofa agus ealaíonta a iniúchadh. Faoi mar a léirigh Françoise Henry, is dóigh go raibh tionchar sainiúil ag íomhánna ó thíortha eile ar na crosa freisin. Dar le saineolaithe na hiconagrafaíochta is minic gur ó íomhá go híomhá a leathnaítear téama áirithe san ealaíon.²⁷ Tá teanga dá cuid féin ag an ealaíon agus is féidir pictiúr a léamh gan gá le foirmle focal chun é a mhíniú.

Tá obair scolairí ar nós Uí Charragáin agus Veelenturf tar éis a léiriú go bhfuil teachtaireacht na gcros an-sofaisticiúil agus go mbíonn brí theibí dhiagachta nó fháthchiallach ag baint leis na painéil go minic.²⁸ Níl an tsofaisticiúlacht seo le sonrú sna paidreacha; níl ach teachtaireacht amháin acu agus is é sin go sábháiltear na firéin. Ach i gcás na gcros, is féidir go gciallaíonn Abrahám ag íobairt Íosaic go sábháiltear na creidmhigh nó is féidir gur réamhfhíor atá ann d'íobairt Íosa ar an gcrois nó, arís, gur siombal eocairisteach atá ann. Tá sé ró-shimplíoch a bheith ag iarraidh íomhá amháin a chur le líne as téacs amháin. Is iomaí bealach gur féidir na crosa a léamh agus is léir gur cruthaíodh i gcomhthéacs léannta iad. Tá siad ró-hilbhrioch agus ró-theibí chun go mbeadh feidhm scéalaíochta nó múinteoireachta amháin acu mar a mhínigh Kees Veelenturf:

24 J. G. O'Keeffe (eag.), 'Cáin Domnaig', *Ériu* 2 (1905) 189–214.

25 J. Carney (eag.), *The poems of Blathmac son of Cú Brettan*, ITS 47 (Dublin: Educational Company of Ireland, 1964).

26 R. Stalley, 'European art and the Irish high crosses', *PRIA* 90C (1990) 135–58.

27 E. Kitzinger, 'Christian imagery: growth and impact', K. Weitzmann (eag.), *Age of spirituality: a symposium* (New York: Metropolitan Museum of Art, 1980) 141–63; M. Schapiro, *Late antique, early Christian and mediæval art* (London: Chatto and Windus, 1980).

28 É. Ó Carragáin, 'The meeting of Saint Paul and Saint Anthony: visual and literary uses of a eucharistic motif', in G. Mac Niocaill agus P.F. Wallace (eag.), *Keimelia: studies in mediæval archaeology and history in memory of Tom Delaney* (Galway University Press, 1988) 1–58; K. Veelenturf, *Dia brátha: eschatological theophanies and Irish high crosses* (Amsterdam: Stichting Amsterdamse Historische Reeks, 1997).

Because of the symbolic rendition of the main scenes, symbolic in their execution and in their mutual connection, it is very unlikely that a narrative chronological principle has also been adhered to in the decoration of the crosses, as has been supposed more than once. The crosses are no 'bibles in stone': their imagery is much too sophisticated to be instructive for the illiterate. Nevertheless the theophanies, including the Crucifixion, with their aspects alluding to more than one theological notion, simultaneously depicting the suffering and the exalted Christ, make them very suitable for inciting devotional contemplation.²⁹

Ní bíoblaí i gcloch atá sna crosa mar sin, agus ní fhéadfaí a rá gur paidreacha i gcloch atá iontu ach an oiread. Is téacs simplí paidir, achainí ar Dhia le friotal soiléir agus is beag débhríochta a bhaineann le gnáthorthaí. A mhalairt de chás atá sna crosa, is saothair chruthaitheacha shofaisticiúla, ilbhríocha atá iontu, ag tagairt do théamaí éagsúla ón mBíobla agus do choincheapanna diagachta ag an am céanna. Dá bhí sin, tá leibhéil éagsúla brí sna crosa nach bhfuil sna paidreacha agus ní dóigh gurbh é an ceardáí féin a roghnaigh na heachtraí a léirigh sé. Is cinnte gur fear léinn de shaghas éigin a stiúraigh an dealbhóir agus é i mbun oibre. Ina theannta sin, níl aon phaidir eiseamláireach tagtha anuas chugainn leis an sraith carachtar chéanna go díreach luaite ann agus atá ar na crosa. Dá réir sin, ní dóigh gur foinse dhíreach d'íomhánna na nArd-Chros a bhí sna paidreacha eiseamláireacha. Tá téacsanna eile a d'fhéadfadh feidhmiú mar fhoinsé na gcros agus bhí téama na bpaidreacha chomh forleathan sin, gur dóigh gur ón *milieu* cultúrtha céanna a d'eascair na paidreacha eiseamláireacha agus na hArd-Chrosa araon. Ach tá bealach eile gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar an ngaol idir na paidreacha agus na crosa, is é sin ceist an fhoinsé a fhágáil ar leataobh, iarracht a dhéanamh féachaint níos sia ná an fhoirm ina dtugtar an teachtaireacht, agus feidhm téacs agus íomhá araon a scrúdú. Is ar bhun feidhme ba cheart an gaol idir théacs agus íomhá a mheas seachas foinsí comónta ná comhthionchar agus iasacht. Is ar an leibhéal seo a nochtáítear an chomhthreomhaireacht idir théacs agus íomhá. Is é sin le rá, is ann do na crosa chun rinnfheithreamh deábhóide a spreagadh agus is deábhóid is bunfheidhm do na paidreacha leis. Mar sin, is é an deábhóid bunús an cheangail eatarthu. Is léiriú painéil na gcros agus tagairtí na bpaidreacha de *typoi* ón gcnuas diagachta céanna úsáidte chun teachtaireachtaí éagsúla a chur in iúl. Baineann na crosa úsáid as na *typoi* seo chun tagairt a dhéanamh d'íliomad eachtraí ón mBíobla agus úsáidtear iad sna paidreacha chun an t-achainí a dhaingniú. D'fhéadfaí a rá ar bhealach eile, gur diagacht i gcloch seachas Bíoblaí i gcloch, ná paidreacha i gcloch, atá sna hArd-Chrosa agus ar an gcuma céanna gur diagacht bhéil atá sna horthaí.

29 Veelenturf, *Dia brátha*, 159.